CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 202/2019

an 10 Iúil 2019

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2022/2224]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais a mhéid a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeifear in ann an comhar leathnaithe sin a chur ar siúl ón 1 Eanáir 2019,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I míreanna 5 agus 13 d'Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail '2018 agus 2019' in ionad na bhfocal 'agus 2018'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2019.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2019.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Gunnar PÁLSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.